



**B.Oid / B.Oid. le Síc. - Bl.3 Socrúchán Gairmiúil 3  
Sceideal Teagaisc 6/1/2021 – 22/1/2021**

<b>6 - 8 / 1 / 2021</b>  <b>Seachtain 1</b>	<b>Obair Shnáithe</b> <i>Breathnóireacht agus Comhairliúchán / Cúntóireacht ranga / Oideachas Ionchuimsitheach / Riachtanais Speisialta Oideachais</i> <b>&amp;</b> <b>Múin 2/3 cheacht ar an Déardaoin &amp; ar an Aoine</b> <i>(OSPS, Corpoideachas, Stair, Tíreolaíocht, Creideamh)</i> [eagraithe leis an múinteoir ranga] <i>Plean ceachta riachtanach do gach cheacht</i>
<b>11 - 15 / 1 / 2021</b>  <b>Seachtain 2</b>	<b>Múin 3 cheacht (ar an Luan)</b> <b>Múin 4 cheacht gach lá (Máirt – Aoine)</b> [eagraithe leis an múinteoir ranga] <b>Na hÁbhair atá i gcéist:</b> 1 x ceacht - Creideamh, OSPS, Corpoideachas, Stair, Tír Eolaíocht. 2 cheacht - Eolaíocht, Ealaín, Ceol, Dráma, Béarla, Gaeilge, Mata. <i>Plean ceachta riachtanach do gach cheacht</i>
<b>18 - 22 / 1 / 2021</b>  <b>Seachtain 3</b>	<b>Ag Teagasc</b> <b>Múin gach ábhar (mar atá leagtha amach sa churaclam ó thaobh ama de)</b> <i>Plean ceachta riachtanach do gach cheacht &amp; Scéim le haghaidh Mata, Gaeilge, Béarla, Creideamh</i>

Tá an **Sceideal Teagaisc** deartha chun deis a thabhairt do mhic léinn páirt a ghlacadh in obair shnáithe (Oideachas Ionchuimsitheach / Riachtanais Speisialta Oideachais sa rang). Ardóidh an t-ualach teagaisc de réir a chéile tríd an socrúcháin.

I Seachtain 1, beifear gafa le hobair oideachas ionchuimsitheach sa rang faoi threoir an mhúinteora.

Múinfear dhá/trí cheacht ar an Déardaoin agus ar an Aoine le linn seachtain 1.

I seachtain 2 múinfear trí cheacht ar an Luan agus ceithre cheacht gach lá ar an Máirt, ar an gCéadaoin, ar an Déardaoin agus ar an Aoine.

**SNÁITHE 1: Breathnóireacht agus cúntóireacht ranga**

Ag cur aithne ar do rang: ag breathnóireacht, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ranga, i mbun comhairliúcháin leis an múinteoir ranga faoi ghnéithe den churaclam, ag pleanáil de réir moltaí.

**SNÁITHE 2: Oideachas Ionchuimsitheach / Fócas ar Oideachas Speisialta**

Ag foghlaim faoi chleachtas ionchuimsitheach ag leibhéal an ranga, faoi threoir an mhúinteora. Caithfidh mic léinn am ag cur aithne ar na daltaí d'fhonn tuiscint a fháil ar conas a théann gach dalta / gach dalta le riachtanais speisialta oideachais i ngleic le foghlaim sa seomra ranga ionchuimsitheach. Beifear ag súil le fianaise gur tharla cleachtas ionchuimsitheach sa pheanáil agus sa teagasc, ó thús go deireadh na tréimhse teagaisc.

**Nóta breise:** Tá solúbthacht sa Sceideal Teagaisc seo chun freastal ar shuíomhanna éagsúla scoile.